BHUEL! NOLLAIG 2008

© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Spraoi Cois Laoi 2008

Dé Luain 24 Samhain

12:30–2pm : Mórshiúl Spraoi Cois Laoi is Ceiliúradh san Amfaitéatar/sa Seanbheár

20:00pm: Céilí Mór in Óstán an Oriel i mBaile an Chollaigh

Dé Máirt 25 Samhain

12-3pm: Cluiche 3 Fhocal timpeall an Champais

20:00pm: Oíche Shóisialta sa Mhairdíog

Dé Céadaoin 26 Samhain

12-2pm: An Clár *Cois Laoi* (R na G) sa Seomra Caidrimh

7pm-Déanach: Sraith '*Seacht*' agus Cóisir Pizza sa Seomra Caidrimh/ sa Seanbheár

Déardaoin 27 Samhain

1-2pm: Comórtas Twister sa Seanbheár!

9:00pm: Cóisir Spraoi Cois Laoi sa *Thirsty* le ceol traidisiúnta!

Dé hAoine 28 Samhain

1-3pm: Taispeántas na Seachtaine is an clár
'Cois Laoi' (2-3pm R na G) sa Seomra Caidrimh!

Focal ón Oifigeach Gaeilge

Haigh, is mise Ciara Nic Liam, bhur nOifigeach Gaeilge in Aontas na Mac Léinn do 2008-2009. Is as Corcaigh dom agus táim ag staidéar Tráchtála agus Gaeilge. Táim sa dara bliain. 'Sé atá i gceist le ról an Oifigigh Gaeilge ná An Ghaeilge a chur chun cinn timpeall an champais. Má tá suim agat cabhrú linn i mbliana, ní gá duit ach dul i dteagmháil liom. Bíonn cabhair ag teastáil i gcónaí agus is maith an rud é daoine nua a fheiceáil ag glacadh páirte ins an Aontas. Is cuma má tá tú i d'ionadaí ranga nó muna bhfuil. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil uaim ar (086)0509340 nó seol ríomhphost chuig anmlgaeilge@ucc.ie agus beidh mé i dteagmháil leat gan mhoill. Muna bhfuil tú in ann cabhair a thabhairt dúinn, afách, ná déanaigí dearmad go mbeidh an-chuid imeachtaí ar siúl timpeall an choláiste agus timpeall na cathrach chomh maith. Táim cinnte dearfa go bhfuil sárbhliain romhainn. Is cuma má tá tú líofa, nó muna bhfuil ach cúpla focal agat, beidh imeachtaí éagsúla ar siúl a bheidh oiriúnach do chách! Tá sé ar intinn agam Lá Spraoi a eagrú le linn na bliana maraon le turas cultúrtha, ciorcal comhrá, oíche cheoil sa Seanbheár, turas gaeltachta, agus dár ndóigh Seachtain na Gaeilge.

Táim ag súil go mór le bualadh libh ag na himeachtaí éagsúla.

Beir Bua!

Ciara Nic Liam
anmlgaeilge@ucc.ie
ciaranicliam@gmail.com



Ceolchoirmeacha an Tseomra Caidrimh

Má thá suim agat i gceol traidisiúnta den chéad scoth, ní gá duit dul níos faide ná an Seomra Caidrimh gach Céadaoin ag 1:10pm don tsraith atá ag an TradSoc. Tá ardchaighdeán bainte amach cheana féin i mbliana ag ceoltóirí cosúil le hAoife Granville is Johnny Neville, Tom is Mary O' Sullivan, Jack Talty is Mick Daly agus Mick is Aodán Coyne. Chuireamar fáilte roimh Eilís Ní Shúilleabháin le linn an Oireachtais agus dúirt sí amhráin álainne dúinn. Ní bheidh ár ngnáthcheolchoirm ar siúl le linn na féile *Spraoi Cois Laoi* ach beidh an cumann féin ag seinm don chlár '*Cois Laoi'* ar Raidió na Gaeltachta in éineacht leis an gCuallacht. Beidh caint, ceol agus amhráin ann.

Le teacht:
26 Samhain – An Clár 'Cois Laoi'
3 Nollaig – Tomás Ó Canainn
10 Nollaig – Paddy Cronin agus Paddy McCarthy

Gearóid Ó Duinn

Ceolchoirm sa tSeomra Caidrimh le déanaí.

CLÁR FÓGRAÍ

'Ag Scríobh don Stáitse'

Ceardlann scríbhneoireachta
Dé Sathairn 29 Samhain

'Ag Scríobh don Teilifís' Eanáir 2009

Tuilleadh Eolais: Ionad Scríbhneoirí Chaitlín Maude, 27 Oileán
Ealtanach, Gaillimh, 091 533594,
westernwriters@eircom.net nó www.twwc.ie

Duais Cholmcille 2009

Beidh duais ar fáil le tacaíocht ***Colmcille*** do dhán i nGaeilge nó i nGàidhlig ag Féile Idirnáisiúnta Bhéal Átha na mBuillí. Is í an tOllamh Maire Ní Annracháin a bheidh ina moltóir.

Spriocdáta iontrála 22 Eanáir 2009

Foirmeacha iontrála ag
http://www.strokestownpoetry.org/

Seisiún Amhránaíochta ar an Sean-Nós

Gach Céadaoin 6pm

An Seomra Caidrimh

Fáilte roimh chách

'Muna bhfuil an Tuiseal Ginideach agat ...'

Cúrsa Gramadaí ag tosnú go luath

Breis eolais:

s.olaoi@ucc.ie

NÁ CAILL

Éigse Dhiarmuidín 2008

5-7 Nollaig 2008
Tuilleadh Eolais:
http://www.eigsedhiarmuidin.ie



CLÁR FÓGRAÍ

Gradam na Gaeilge

An spreagann tú an Ghaeilge san ollscoil? Má spreagann tú tá seans iontach agat Gradam na Gaeilge a bhuachaint!

Bronnfar an gradam seo ar an mac léinn is mó a dheineann iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste agus is fiú **€1000** é don té a bhaineann é.

Is féidir le gach mac léinn san Ollscoil cur isteach air.

Tuilleadh eolais le fáil ó Oifig na Gaeilge Labhartha, Seomra G02, Áras Uí Rathaille ag 021-4903529.

Urraithe ag Banc na hÉireann.

Dáta deireanach le cur isteach ar an nGradam: **Dé hAoine 13 Márta.**

Eagarfhocal

Más mian le héinne alt, léirmheas, dán nó fógra a scríobh don chéad eagrán eile cuir do phíosa go hOifig na Gaeilge Labhartha nó cuir ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie . Nollaig faoi shéan is faoi mhaise dhaoibh go léir.

Léachtaí Poiblí 2009 le teacht..

I measc na gcainteoirí beidh:

Pádraig Mac Fhearghusa, Conradh na Gaeilge

Pádraic Ó Raighne, TG4

Eamon Lankford, Suirbhé Logainmneacha

Dara Ó Cinnéide, Raidió na Gaeltachta

Colm Henry, Comhairleoir Leighis

Breis eolais:
021-4903529 / 4902314

Fáilte roimh chách

Comórtas

Rugadh Diarmuid Ó Súilleabháin sa bhliain:

a) 1923
b) 1947
c) 1972

Dearbhán €40 (An Post) an duais!

Seol do fhreagra a, b nó c chugam ag n.deburca@ucc.ie nó cuir do fhreagra go hOifig na Gaeilge Labhartha faoin 12 Nollaig. Comhghairdeas le Louise Ní Chonchúir a bhuaigh comórtas na Samhna.